Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6879/26**
**ADD 1**

**DELACT 41**
**PECHE 74**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1240 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta a bhunú chun comhlíonadh na mbeart maolaithe atá ann cheana chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (Phocoena phocoena) a laghdú i Muir Bhailt a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1240 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1240 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.2.2026
C(2026) 1240 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta a bhunú chun comhlíonadh na mbeart maolaithe atá ann cheana chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (Phocoena phocoena) a laghdú i Muir Bhailt a áirithiú**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn XIII, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.5:

‘3.5 Beidh feidhm ag na bearta seo a leanas sna limistéir faoi phointí 3.1 go 3.4, i gcás ina bhfuil feidhm ag srianta nó toirmisc ar iascaireacht le líonta éighníomhacha:

(a) Soithí iascaireachta ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán, beidh siad feistithe leis an méid seo a leanas:

(i) córas um fhaireachán soithí (VMS) dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; nó

(ii) córas aitheantais uathoibríoch (CAU) dá dtagraítear in Airteagal 6a de Threoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; nó

(iii) gaireas rianaithe arna fhormheas ag údarás inniúil an Bhallstáit brataí, chun sonraí suímh an tsoithigh agus, i gcás inarb infheidhme, dáta agus am, cúrsa, luas agus marc aitheantais seachtrach an tsoithigh iascaireachta a tharchur, chomh maith le haon sonraí ábhartha eile a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún.

Mura bhfuil an gaireas laistigh de raon líonra, déanfar sonraí suímh an tsoithigh a stóráil agus a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 arna leasú le Rialachán (AE) 2023/2842.

Beidh feidhm ag na bearta seo go dtí an 10 Eanáir 2028.

(b) Uair amháin gach 10 nóiméad ar a laghad a bheidh i minicíocht tharchur shonraí suímh an tsoithigh, lena n-áirítear laistigh de chrios foláirimh ceithre mhuirmhíle a bhunófar le haghaidh soithí a úsáideann córas um fhaireachán soithí nach dtacaíonn a ngairis leis an athrú uathoibríoch ar mhinicíocht an tuairiscithe.

(c) Cuirfidh an Ballstát brataí an Ballstát cósta ar an eolas:

(i) nuair a théann soithí iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit chósta ábhartha isteach i limistéir atá faoina cheannasacht nó ina dhlínse, mar a liostaítear i bpointí 3.1 go 3.4; agus

(ii) faoin gcóras sonrach nó gaireas sonrach a úsáideann an soitheach iascaireachta atá faoina bhratach.’

---

[1] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/59/oj).